Coimisiún na Meán

# Treoirlínte Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas le haghaidh Seirbhísí Raidió Pobail agus Treoir-Raidió Pobail

**Réamhrá**

Sa "Treoir maidir le hAighneachtaí le haghaidh hIarratas ar Sheirbhísí Craolacháin Fuaime", sonraítear nach mór do na stiúideonna de chuid na Staisiún Raidió a fheidhmíonn faoi cheadúnas Seirbhíse Raidió Pobail nó Treoir-raidió Pobail cloígh leis na treoirlínte rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a dhéantar achoimre orthu sa doiciméad seo. Baineann na treoirlínte rochtana do dhaoine faoi mhíchumas le gach cuid den fhoirgneamh a d'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas a úsáid. Níl bhaineann na treoirlínte ach le foirgneamh/foirgnimh ina bhfuil stiúideonna de chuid stáisiún raidió. Ní bhaineann siad le haon fhoirgneamh ina choimeádtar tarchuradóir raidió, aeróg, nó aonad cumhachta ar leithligh.

Tá an achoimre seo bunaithe ar threoirlínte atá ar fáil sna ***Rialacháin Foirgníochta 2000 – Doiciméad Treorach Teicniúil Cuid M***, atá ar fáil ag:

gov - Technical Guidance Document M - Access and Use (www.gov.ie)

ina sonraítear riachtanais lena gceanglaítear an méid seo a leanas:

- gur féidir le daoine faoi mhíchumas bealach isteach a dhéanamh i bhfoirgnimh agus rochtain a fháil air go neamhspleách agus ar bhealach sábháilte
- gur féidir le daoine faoi mhíchumas bogadh thart laistigh den fhoirgneamh
- go bhfuil áiseanna iomchuí sláintíocha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas
- nach bhfuil daoine faoi mhíchumas i mbaol guaiseacha
- have access to aids for communication.go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar áis chúnta le haghaidh teagmhála

Sonraítear na ceanglais sin faoi na ceannteidil seo a leanas

- Bealach isteach i bhfoirgneamh
- Rochtain ar fhoirgneamh
- Bogadh laistigh de fhoirgneamh
- Áiseanna a úsáid i bhfoirgneamh

**Treoirlínte maidir le Bealach Isteach i bhFoirgneamh**

Ba chóir don bhealach isteach i bhfoirgneamh a bheith cothrom; más rud é go bhfuil bealach isteach le céimeanna taobh amuigh den fhoirgneamh ní mór rampa atá oiriúnach do chathaoir rothaí a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ráille chosanta agus colbha de dhíth i gcásanna áirithe.

Ba cheart go mbeadh limistéar glan de 1.5m faoi 1.5m os comhair an bhealaigh isteach san fhoirgneamh – mar an gcéanna don limistéar ar bharr an rampa os comhair an dorais iontrála. Sonraítear ceanglais bhreise más rud é go n-osclaíonn an doras amach ar bharr an rampa.

Tá mionsonraí faoi na ceanglais sin ar fáil i Rannán 1 den Doiciméad Treorach Teicniúil Cuid M

**Treoirlínte maidir le Rochtain ar Fhoirgneamh**

Ní mór go mbeidh leithead nach lú ná 800mm ag an doras iontrála agus go mbeidh ar a laghad 300mm de spás ar an taobh atá in aice an imill tosaigh. Féadtar míniú ar “leithead oscailte dorais” agus “imeall tosaigh” a fháil i Léaráid 5 de Rannán 1.7 de na treoirlínte. Ba cheart go mbeadh ar a laghad aon chomhla amháin de dhoirse dúbailte atá 800mm ar leithead.

**Treoirlínte maidir le Bogadh laistigh de Fhoirgneamh**

Ba cheart go mbeadh leithead oscailte nach lú ná 750mm ag doirse inmheánacha agus ba cheart go mbeadh spás de 300mm ar a laghad ar an taobh in aice an imill tosaigh.

Ní mór go mbeidh na conairí agus na pasáistí uile glan agus 1200mm ar leithead, agus tá gá le doirse níos leithne, de reir mar a shonraítear i Rannán 1.28 den treoir, nuair atá conairí níos lú ná 1200mm ar leithead.

Ní nór go mbeidh go leor spáis sna forsheomraí lena mbeidh duine a úsáideann cathaoir rothaí agus cuntóir in ann bogadh amach ó dhoras amháin sula n-úsáidfidh sé/sí an chéad doras eile – tá samplaí de fhorsheomraí seachtracha agus inmheánacha, más ann dóibh, ar fáil i Léarscáil 7 (Rannán 1.7) agus Léarscáil 8 (Rannán 1.8) faoi seach.

Ní mór go mbeidh go leor spáis ann le bogadh timpeall ar throscán buan. Tá na ceanglais shonracha maidir le bogadh timpeall ar throscán stiúideo ar fáil san Aguisín a ghabhann leis an doicméad seo.

Ní mór go mbeidh ardaitheoir paisinéirí ar fáil go dtí aon urlár thar nó faoin urlár iontrála i gcás ina bhfuil an glan-achar in aghaidh an urláir níos mó ná 280mc i bhfoirgneamh ina bhfuil dhá urlár, nó i gcás foirgnimh ina bhfuil níos mó ná dhá urlár agus glan-achar in aghaidh an urláir níos mó na 200mc ann. Tá míniú ar na hachair nach bhfuil san áireamh agus an glan-achar á ríomh ar fáil i Rannán 1.12 de na treoirlínte. Déantar cur síos sa rannán sin freisin ar na ceanglais maidir le méid ardaitheora, leithead dorais ardaitheora, suíomhanna agus cineálacha rialaitheoirí ardaitheora, lena n-áirítear táscairí tadhaill, fógraí inchloiste agus infheicthe urláir, cur ar fáil scáthán, srl.

I gcásanna nach bhfuil ardaitheoir éigeantach, ní mór go mbeidh staighre inmheánach, oiriúnach ann. Tá ceanglais shonracha ann maidir le ráillí láimhe a chur ar fáil, airde agus doimhneacht na gcéimeanna, srl. Tá mionsonraí ar fáil i Rannán 1.14 de Chuid M.

**Treoirlínte maidir le háiseanna a úsáid i bhfoirgneamh**

Ní mór go mbeidh airde deisce i stiúideo cosúil le gnáth-throscán oifige – thart ar 740mm. Ní mór go gcloífidh cuid de dheasc fáilte leis an gceanglas sin. Ní mór go gcloífidh an spás chun bogadh timpeall ar throscán sa stiúideo leis an méid a dtugtar i bhFigiúr 1 thíos.

Ba cheart go mbeadh suíomh na rialaitheoirí a úsáidtear go rialta ar na deasca stiúideo fad láimhe nó níos lú ó dhaoine a úsáideann cathaoir rothaí.

Ní nór go mbeidh leithreas do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil san fhoirgneamh. Ní mór go mbeidh an leithreas sin inrochtana agus go gcloífidh sé leis na ceanglais a shonraítear sna treoirlínte. Tá na ceanglais uile ar fáil i Rannán 2, agus tá mionsonraí maidir leis na feistis don leithreas agus a suíomhanna le feiceáil i Léarscáil 13 go sonrach.

**Figiúr 1 – Spás do Bhogadh timpeall ar Throscán Stiúideo**

Ba cheart go mbeadh A & B ar a laghad 1.2m ach ní mór go mbeidh said ar íosmhéid 750mm.
Más rud é go bhfuil A nó B níos lú ná 1.2m, tá gá le caschiorcal de 1.5m taobh thiar den deasc.
Ideally 1.5m turning circle in front of desk but minimum is that C is greater than 1.2m.

